RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1324 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Lúnasa 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1597/2002 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhformáid maidir le tíolacadh liostaí náisiúnta den ábhar bunúsach atá in ábhar atáirgthe foraoise

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 1999/105/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1999 maidir le margú ábhair atáirgthe foraoise ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1597/2002 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos formáid chaighdeánaithe do na Ballstáit maidir le liostaí náisiúnta den ábhar bunúsach atá in ábhar atáirgthe foraoise a thíolacadh don Choimisiún.

(2) D'fhorbair an Coimisiún córas faisnéise le déanaí chun na liostaí náisiúnta sin a thíolacadh go leictreonach, córas ar a dtugtar an Córas Faisnéise um Ábhar Atáirgthe Foraoise (FOREMATIS). Is córas é FOREMATIS a fhágann gur féidir leis na Ballstáit a liosta náisiúnta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

(3) De bharr na forbartha teicniúla sin, formáid na liostaí náisiúnta dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1597/2002, is formáid í ar cheart formáid FOREMATIS a chur ina háit.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1597/2002 a leasú dá réir sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1597/2002 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

An liosta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Threoir 1999/105/CE, is trí fhormáid Chóras Faisnéise an Choimisiúin um Ábhar Atáirgthe Foraoise (*) agus is i gcomhréir leis an bhformáid sin a thíolacfar an liosta sin.

_____

(*) https://ec.europa.eu/forematis/';

(2) scriostar an Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 11, 15.1.2000, lch. 17.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1597/2002 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2002 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 1999/105/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liostaí náisiúnta den ábhar bunúsach atá in ábhar atáirgthe foraoise (IO L 240, 7.9.2002, lch. 34).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN